Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6508/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0344 (COD)**

**ENV 144**
**CLIMA 74**
**AGRI 129**
**FORETS 24**
**ENER 81**
**TRANS 84**
**CODEC 263**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 39 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>maidir leis an<br>seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 39 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 39 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.2.2026
COM(2026) 39 final

2022/0344 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce**

2022/0344 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2022)0540 – 2022/0344 COD) | An 22 Deireadh Fómhair 2022 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | An 22 Feabhra 2023 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 24 Aibreán 2024 |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | N/B |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | An 17 Feabhra 2026 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Agus cuspóir uileghabhálach bheartas uisce an Aontais á chur san áireamh, bhí sé d’aidhm ag an togra an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cosaint shaoránaigh an Aontais agus cosaint éiceachóras nádúrtha a mhéadú trí thruailleáin bhreise a mholadh chomh maith le caighdeáin ghaolmhara cáilíochta comhshaoil a bheidh le comhlíonadh i ndobharlaigh screamhuisce agus uisce dromchla;
- éifeachtacht na reachtaíochta a mhéadú agus a hualach riaracháin a laghdú, chun é a chur ar a chumas don Aontas freagairt níos tapúla ar rioscaí a thagann chun cinn.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle mar a glacadh ar an gcéad léamh é, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 23 Meán Fómhair 2025. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin agus leagtar amach thíos na príomhphointí ann.

(a) Liosta athbhreithnithe substaintí agus caighdeáin cháilíochta ghaolmhara

Maidir le croílár an togra ón gCoimisiún, coinnítear leis an gcomhaontú polaitiúil formhór na n-athbhreithnithe a mhol an Coimisiún. Chomhaontaigh na comhreachtóirí roinnt athruithe suntasacha áfach:

- **'Dí-aicmiú' dhá shubstaint bhreise** (*atraisín* agus *tríchlóraibeinséin*) chomh maith leis na ceithre shubstaint tosaíochta a dhíliostaítear sa togra ón gCoimisiún. Tá srian ar úsáid *tríchlóraibeinséine* den chuid is mó, agus léiríonn na sonraí is déanaí treocht anuas san úsáid sin, agus tá cosc ar an *Atraisín* san Aontas ó bhí 2004 ann. Dá bhrí sin, aistrítear na substaintí sin ón liosta truailleán uisce dromchla in Iarscríbhinn I (substaintí ar ábhar imní ar fud an Aontais iad) go hIarscríbhinn II (truailleáin ar ábhar imní náisiúnta iad) a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Mar thoradh air sin, ní gá faireachán a dhéanamh orthu agus iad a chomhlíonadh ach amháin sna Ballstáit ina bhfuil na substaintí fós ina n-ábhar imní.

- **Agus é a chur ar atráth go dtí breithniú a dhéanfar amach anseo ar** chaighdeáin cháilíochta a leagan síos le haghaidh suimeanna agus/nó iomláin cineálacha casta substaintí amhail cógaisíocht, lotnaidicídí, bisfeanóil, agus SPFAnna. agus é a chur de chúram ar an gCoimisiún obair mhodheolaíoch bhreise a dhéanamh ar mhodhanna agus cineálacha chur chuige oiriúnacha faireacháin maidir le caighdeáin cháilíochta a leagan síos don chéad athbhreithniú reachtach eile.

- **Táirgí cógaisíochta i screamhuisce**: in ionad an chaighdeáin cáilíochta le haghaidh 'iomlán na dtáirgí cógaisíochta' a mhol an Coimisiún, leagtar síos caighdeán cáilíochta aonfhoirmeach le haghaidh substaintí cógaisíochta aonair ar ábhar imní náisiúnta iad i screamhuisce. Ceanglaítear ar na Ballstáit, áfach, caighdeán níos déine a leagan síos i gcás inar sainaithníodh éiceachórais screamhuisce íogaire. Áirítear an tsubstaint *Primeadón* (cógas in aghaidh an titimis) in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Screamhuisce mar thruailleán ar ábhar imní ar fud an Aontais é.

- **Éiceachórais screamhuisce:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí fonóta a chur isteach lena gceanglaítear ar na Ballstáit luachanna tairsí níos déine a leagan síos do thruailleáin screamhuisce i gcás ina bhfuil údar leis sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus faoi réir modh iontaofa a bheith i bhfeidhm chun láithreacht éiceachóras screamhuisce a shainaithint. Cuireann na comhreachtóirí de chúram ar an gCoimisiún freisin modheolaíocht a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit, chun láithreacht éiceachóras screamhuisce a shainaithint.

- **Meitibilítí neamhábhartha lotnaidicídí i screamhuisce**: Coimeádtar sa chomhaontú an 'meánluach' 1 µg/l agus 5 µg/l san iomlán ón togra bunaidh, agus an tráth céanna ceadaítear do na Ballstáit caighdeán aonair atá níos déine nó nach bhfuil chomh dian céanna a shocrú má tá údar cuí leis bunaithe ar na sonraí atá ar fáil maidir le tocsaineacht na substainte. Ceanglaítear leis freisin ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun liosta (neamh-uileghabhálach) de mheitibilítí neamhábhartha a leagan amach laistigh de 24 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm, ar liosta é a bheidh le hathbhreithniú go tráthrialta.

- **Lotnaidicídí in uisce dromchla:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí caighdeán cáilíochta 0,2 µg/l le haghaidh suim d'fho-thacar lotnaidicídí (thart ar 30) a liostaítear cheana in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Caighdeáin na Cáilíochta Comhshaoil.

- **Caighdeáin Cháilíochta le haghaidh suim SPFAnna roghnaithe i screamhuisce agus in uisce dromchla:** I gcás uisce dromchla, chomhaontaigh na comhreachtóirí an togra ón gCoimisiún lena leagtar síos dianchaighdeán 0,0044 µg/l le haghaidh

suim de 24 SPFA **agus *TFA* (*aigéad trífhluaraicéiteach*) a chur leis an tsuim de 24 SPFA freisin, rud a fhágann gur suim de 25 SPFA atá i gceist**. I gcás screamhuisce, níor choinnigh na comhreachtóirí an togra ón gCoimisiún chun an tsuim chéanna de 24 SPFA agus atá in uisce dromchla a áireamh ach chomhaontaigh siad an dianchaighdeán cáilíochta 0,0044 µg/l a chur i bhfeidhm le haghaidh na suime de ceithre cinn de na SPFAnna is guaisí. Ina theannta sin, chomhaontaigh na comhreachtóirí go n-áireofaí – le clásal ailínithe dinimiciúil – caighdeán cáilíochta nach bhfuil chomh dian céanna le haghaidh suim de 20 PFAS, atá ailínithe leis an luach dá bhforáiltear faoin Treoir maidir le hUisce Óil. Comhaontaíodh freisin machnamh a dhéanamh ar chaighdeán cáilíochta a leagan síos d'aigéad trífhluaraicéiteach i screamhuisce (ar leithligh nó mar chuid de shuim) in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo.

(b) Faireachán agus tuairisciú

- **Tuairisciú níos minice ar shonraí faireacháin agus scriosadh an tuairiscithe ar dhul chun cinn i gclár beart**: Ghlac na comhreachtóirí leis an togra ón gCoimisiún chun tuairisciú níos tráthrialta ar shonraí faireacháin a áirithiú, trí shásraí uathoibrithe chun sonraí a chur isteach. Ghlac na comhreachtóirí freisin leis an tuairisciú a shimpliú tríd an oibleagáid atá ar na Ballstáit tuarascáil eatramhach a chur isteach maidir leis an dul chun cinn i gcláir cur chun feidhme na mbeart a scriosadh, ós rud é nach bhfuil an tuairisciú sin éifeachtach agus go bhfuil ualach trom ag baint leis.
- **Róil fheabhsaithe do EEA agus ECHA**: Ba dhíol sásaimh do na comhreachtóirí an togra ón gCoimisiún ról na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) a shoiléiriú agus a fheabhsú maidir le hionad ilfhreastail chun sonraí faireacháin a bhailiú, agus ról na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) a shoiléiriú agus a fheabhsú, maidir le tacú leis an gCoimisiún in athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar na liostaí faire agus ar na liostaí truailleán.
- **Liostaí faire screamhuisce agus uisce dromchla:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí formhór na n-eilimintí den togra ón gCoimisiún, rud a fhágann go bhfuil sé éigeantach faireachán a dhéanamh ar an 'liosta faire' i screamhuisce agus a dhéanann cuíchóiriú ar an nós imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar an liosta faire uisce dromchla agus ar an liosta faire screamhuisce araon chun é a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos soláimhsithe. Chomhaontaigh na comhreachtóirí freisin micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí a chur le liostaí faire amach anseo a luaithe a bheidh modhanna oiriúnacha forbartha, ionas gur féidir sonraí maidir lena dtiúchan in uisce a bhailiú chun forbairt modheolaíochta measúnaithe riosca a éascú.
- **Faireachán éigeantach éifeachtbhunaithe ar shuaiteoirí inchríneacha:** Chomhaontaigh na comhreachtóirí tástáil éigeantach ar fhaireachán éifeachtbhunaithe ar shuaiteoirí inchríneacha áirithe a thabhairt isteach ar feadh tréimhse 2 bhliain, agus é á chur de chúram ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun na sonraíochtaí teicniúla is gá a leagan amach. Chuir na comhreachtóirí de chúram ar an gCoimisiún freisin machnamh a dhéanamh, i gcomhthéacs an chéad nuashonraithe eile ar na liostaí truailleán, ar úsáid modhanna den sórt sin agus spreag-luachanna gaolmhara a mholadh, le haghaidh grúpaí eile substaintí freisin.
- **Fardail astaíochtaí:** ag tógáil ar an togra ón gCoimisiún, chomhaontaigh na comhreachtóirí a áirithiú go ndéanfar tuairisciú ata cuíchóirithe go hiomlán ar astaíochtaí truailleán, lena n-áirítear astaíochtaí idirleata, chuig an Tairseach um

Astaíochtaí Tionsclaíocha, agus ar an gcaoi sin aon dúbláil tuairiscithe a sheachaint ós rud é nach gceanglófar a thuilleadh an fhaisnéis a thuairisciú mar chuid de na pleananna bainistithe abhantraí.

- **Torthaí faireacháin a thuairisciú i léarscáileanna; táscairí dul chun cinn a úsáid:** chomhaontaigh na comhreachtóirí na leasuithe ón gComhairle chun roinnt léarscáileanna breise a áireamh chun teaglamaí éagsúla d'eilimintí cáilíochta a chumhdach, agus chun go n-oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil chun 'táscairí dul chun cinn' aonfhoirmeacha a fhorbairt.
- **Saoráid Chomhfhaireacháin:** chomhaontaigh na comhreachtóirí go gcuirfí de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Saoráid Chomhfhaireacháin a bhunú chun tacú leis na Ballstáit ar bhonn deonach na ceanglais faireacháin a bhainistiú, agus ar an gcaoi sin ualaí airgeadais agus riaracháin na mBallstát a mhaolú.
- **Freagracht Leathnaithe Táirgeora (FLT):** Chomhaontaigh na comhreachtóirí go gcuirfí de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé ceangal a chur ar tháirgeoirí a chuireann táirgí ar mhargadh an Aontais ina bhfuil aon cheann de na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoracha 2006/118/CE agus 2008/105/CE ranníocaíocht a dhéanamh le costais na gclár faireacháin.

(c) Comhar trasteorann

Chomhaontaigh na comhreachtóirí comhar trasteorann a mhéadú, lena n-áiritheofar go gcuirfí na Ballstáit a ndéantar difear dóibh agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi imthosca eisceachtúla tuilte foircneacha, triomaigh fhada nó truailliú trasteorann de thaisme agus go mbunófaí comhar leordhóthanach.

(d) Rochtain ar an gceartas

Cé nár cumhdaíodh an t-ábhar sin sa togra ón gCoimisiún, chomhaontaigh na comhreachtóirí forálacha sonracha maidir le rochtain ar an gceartas a thabhairt isteach i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus ar an gcaoi chéanna leis na forálacha sin a tugadh isteach i reachtaíocht a comhaontaíodh le déanaí amhail an treoir athbhreithnithe maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh, i ndáil le gníomhartha agus neamhghníomhartha faoi réir Airteagail 4, 11 agus 13 (i.e. na cuspóirí dea-stádais, cláir na mbeart agus na pleananna bainistithe abhantraí).

(e) An gnáthnós imeachta reachtach a thabhairt isteach arís chun liostaí na dtruailleán i screamhuisce agus in uisce dromchla a thabhairt cothrom le dáta

Níor lean na comhreachtóirí an togra ón gCoimisiún chun aistriú ó ghníomhartha reachtacha go gníomhartha tarmligthe le haghaidh leasuithe amach anseo ar liosta na dtruailleán agus ar na caighdeáin cháilíochta ghaolmhara in uisce dromchla agus screamhuisce, agus an gnáthnós imeachta reachtach á choinneáil le haghaidh leasuithe amach anseo. Choinnigh siad freisin an oibleagáid atá ar an gCoimisiún faoi láthair tograí reachtacha a dhéanamh do na Ballstáit chun deireadh a chur de réir a chéile le hastaíochtaí substaintí guaiseacha tosaíochta laistigh de thráthchlár nach faide ná 20 bliain ó liostú na substainte.

(f) Gníomhartha tarmligthe a úsáid i gcomparáid le gníomhartha cur chun feidhme a úsáid

Maidir le forálacha a bhaineann leis an nós imeachta coiste a thiontú chun oiriúnú do Chonradh Liospóin, chomhaontaigh na comhreachtóirí na tograí uile ón gCoimisiún, cé is moite de luachanna tagartha comhchuibhithe a ghlacadh chun stádas eilimintí cáilíochta

bitheolaíche in uisce dromchla a chinneadh (mar thoradh ar an ‘gcleachtadh idirchalabraithe’ mar a thugtar air), inar chomhaontaigh na comhreachtóirí gníomhartha cur chun feidhme.

(g) Clásal neamh-mheathlaithe agus díolúintí

Níor cumhdaíodh an tsaincheist sa togra ón gCoimisiún. Chomhaontaigh na comhreachtóirí, bunaithe ar thogra ón gComhairle, **sainmhíniú ar ‘mheath stádais’** a áireamh i gcomhréir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina rialú Weser[1] chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú. Chomhaontaigh siad freisin **dhá dhíolúine nua a thabhairt isteach maidir le prionsabal an neamh-mheathlaithe**: ceann amháin chun nósanna imeachta a shimpliú maidir le tionscadail nua a údarú nach mbíonn ach meathlú sealadach mar thoradh orthu agus ceann eile lena gceadaítear tionscadail nó gníomhaíochtaí nua fiú dá mbeadh meathlú ar an stádas ceimiceach mar thoradh orthu, ar choinníoll go mbeadh an meathlú sin mar thoradh ar thruailleáin a athlonnú ó dhobharlach amháin go dobharlach eile, gan aon ghlanmhéadú ar thruailliú agus faoi réir stádas ceimiceach ‘is ísle ná maith’ a bheith ag an dobharlach glactha cheana. Foráiltear leis na díolúintí maidir le roinnt **coimircí breise** i gcomparáid le sainordú tosaigh na Comhairle. Go háirithe, i gcás tionscadail as a n-eascraíonn meathlú sealadach, ba cheart measúnú *ex ante* agus fíorú *ex post* a dhéanamh ar an bhfíoras nach mbeadh an meathlú inbhraite tar éis bliain amháin nó, i gcás eilimintí cáilíochta bitheolaíche, tar éis 3 bliana. Maidir le hathlonnú truailleán, ba cheart an tionscadal nó an ghníomhaíocht a bheith faoi réir réamhrialaithe nó réamhúdaraithe chun an méid seo a leanas a dhearbhú: cuirtear gach céim is féidir chun an t-uisce a chóireáil i bhfeidhm sula n-athlonnaítear é; tá drochstádas ceimiceach ag an dobharlach glactha cheana i gcás fhormhór na dtruailleán athlonnaithe (agus go háirithe na substaintí is seasmhaí agus is bithcharnaí) agus ní mheastar go dtiocfaidh meathlú ar a stádas éiceolaíoch mar thoradh ar an athlonnú; ní dhéantar difear do dhobharlaigh a úsáidtear le haghaidh uisce óil; níl aon rogha comhshaoil níos fearr ar fáil, ar chúiseanna indéantachta teicniúla nó costais dhíréirigh.

(h) Sprioc-amanna maidir le comhlíonadh agus trasuí

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le **sprioc-am trasuí an 21 Nollaig 2027** lena n-áiritheofar go ndéanfaidh na Ballstáit na forálacha nua a chomhtháthú mar chuid den chéad timthriall pleanála eile maidir le bainistiú abhantraí. A mhéid a bhaineann le **sprioc-am comhlíontachta le haghaidh substaintí nua-aitheanta**, déantar foráil sa chomhaontú maidir le comhlíonadh uisce dromchla agus screamhuisce araon faoi dheireadh 2039, agus an fhéidearthacht ann díolúintí a bhaineann le ham a chur i bhfeidhm le haghaidh timthriall amháin eile, i.e. suas le deireadh 2045.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

[1] Cás C-461/13